**RÚN (AE) 2023/1838 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 10 Bealtaine 2023**

**ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021, Roinn IX – an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021, Roinn IX – an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0070/2023),

A. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus trí choincheap an bhuiséadúcháin fheidhmíochtbhunaithe agus an dea-rialachais acmhainní daonna a chur chun feidhme;

B. de bhrí gur ceart bunúsach í an chosaint sonraí, a chosnaítear leis an dlí Eorpach agus a chumhdaítear in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

C. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go mbeidh comhlíonadh na rialacha a bhaineann le cosaint daoine aonair, i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leo, faoi réir rialú ag údarás neamhspleách;

D. de bhrí go ndéantar foráil le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir le bunú údaráis neamhspleách, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ('an Maoirseoir'), atá freagrach as an gceart chun cosanta sonraí agus príobháideachais a chosaint agus a ráthú, agus a bhfuil sé de chúram air a áirithiú go nglacann institiúidí agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais le cultúr láidir cosanta sonraí;

E. de bhrí go gcuireann an Maoirseoir a chuid feidhmeanna i gcrích i ndlúthchomhar leis na comh-Údaráis um chosaint sonraí (UCSanna) mar chuid den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB), agus go bhfónann sé do leas an phobail agus prionsabail na neamhchlaontachta, na sláine, na trédhearcachta agus an phragmatachais á threorú;

F. de bhrí go dtarmligfidh an Maoirseoir cumhachtaí an Oifigigh Údarúcháin chuig an Stiúrthóir i gcomhréir leis an gcairt cúraimí agus freagrachtaí a bhaineann le buiséad agus riarachán an Mhaoirseora dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 72(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus gurb é Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin a chomhlíonfaidh feidhm Oifigeach Cuntasaíochta an Mhaoirseora i gcomhréir le Cinneadh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí an 1 Márta 2017;

([1]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

1. ag tabhairt dá haire go dtagann buiséad an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ('an Maoirseoir') faoi cheannteideal 7 CAI, 'riarachán poiblí Eorpach', agus gurbh é EUR 10.7 billiún san iomlán a bhí ann in 2021; ag tabhairt dá haire gur institiúid réasúnta beag é an Maoirseoir agus nach bhfuil sa bhuiséad ach thart ar 0,18 % den bhuiséad riaracháin iomlán;

2. ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ('an Chúirt'), ina Tuarascáil Bhliantúil don bhliain airgeadais 2021, a sampla d'idirbhearta atá faoi Riarachán ó 48 in 2020 go 60 in 2021;

3. ag tabhairt dá haire go luann an Chúirt go léirítear ina cuid oibre le blianta fada go mbaineann riosca íseal leis an gcaiteachas sin ar an iomlán; ag tabhairt dá haire, áfach, nach gcuirtear aon fhaisnéis ábhartha faoin Maoirseoir ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2021 agus á iarraidh ar an gCúirt sonraí cuimsitheacha a áireamh sna chéad tuarascálacha bliantúla eile maidir le cur i gcrích na gceanglas uile is gá le haghaidh nós imeachta um urscaoileadh comhsheasmhach;

4. ag tabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di gur thug an Chúirt dá haire ina Tuarascáil Bhliantúil don bhliain airgeadais 2021 nár shainaithin sí aon saincheisteanna sonracha a bhaineann leis an Maoirseoir;

**Bainistiú buiséid agus airgeadais**

5. ag tabhairt dá haire go gcumhdaítear freisin le buiséad an Mhaoirseora obair Rúnaíocht neamhspleách an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí ('an Bord'), mar a bhfuil an Maoirseoir ina chomhalta agus go gcuireann sé baill foirne ar fáil don Rúnaíocht;

6. á chur in iúl gur geal léi tuarascáil bhliantúil 2021 a d'fhoilsigh an Maoirseoir; ag tabhairt dá haire go ndearna an Maoirseoir na spriocanna a leagtar amach in ocht gcinn de naoi bpríomhtháscaire feidhmíochta (KPInna) a bhaint amach nó a shárú in 2021;

7. ag tabhairt dá haire gurbh é EUR 19 463 193 buiséad an Mhaoirseora in 2021, arb ionann é agus laghdú beag 0,07 % i gcomparáid le 2020; ar cheart é a mheas freisin, áfach, i bhfianaise gur tháinig méadú 16,3 % ar an mbuiséad ó 2019 go 2020, i gcomhthráth le tús phaindéim COVID-19 agus leis an méadú gaolmhar ar an ualach oibre;

8. ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh é 86% ráta cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain 2021, arb ionann é agus méadú suntasach ó 2020 nuair ba ráta cur chun feidhme 73 % a bhí ann; ag admháil freisin gurb amhlaidh, in 2021, a bhí tionchar mór ag paindéim COVID-19 ar chur chun feidhme an bhuiséid, agus go raibh, thar aon ní eile, ócáidí, comhdhálacha agus misin fhisiciúla thar a bheith teoranta dá deasca;

9. ag tabhairt dá haire gurbh é 89,60 % an ráta forghníomhúcháin a bhí ann in 2021 agus gurbh é 19,98 lá an meánaga íocaíochta a bhí ann; ag spreagadh an Mhaoirseora chun an mhoill ar íocaíochtaí a laghdú trí réitigh leictreonacha a úsáid, rud a rannchuidíonn le húdaráis phoiblí a chur i riocht níos trédhearcaí agus níos inbhuanaithe;

10. á chur in iúl gur geal léi gur lean an Maoirseoir, le linn 2021, den chur chuige a chur chun feidhme chun leibhéal níos airde éifeachtúlachta riaracháin a bhaint amach agus úsáid á baint as comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse agus páirt á glacadh aige i gcreatchonarthaí idirinstitiúideacha móra;

**Bainistiú inmheánach, feidhmíocht agus rialú inmheánach**

11. ag admháil gur bliain dhúshlánach a bhí sa bhliain 2021 freisin, go háirithe de bharr phaindéim COVID-19, lenar cruthaíodh gá láithreach le dea-bhail na foirne a choimirciú agus, ag an am céanna, lenar cruthaíodh cúraimí nua lena n-áirítear bunú Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais agus faireachán a dhéanamh ar Fhoirmeacha Aimsiúcháin Paisinéirí, aipeanna rianaithe teagmhálaithe, agus teicneolaíochtaí eile a úsáidtear chun an víreas a chomhrac, agus a áirithiú go raibh siad i gcomhréir go hiomlán le reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta;

12. á chur in iúl gur geal léi gur chruthaigh an Maoirseoir tascfhórsa inmheánach COVID-19 láithreach chun faireachán agus measúnú gníomhach a dhéanamh ar fhreagairtí an Aontais ar an bpaindéim, rud a chruthaigh ceisteanna agus ábhair imní maidir le cosaint sonraí pearsanta agus cearta príobháideachais daoine aonair; á chur in iúl gur geal léi freisin gur sheol an Maoirseoir comórtas chun níos mó saineolaithe speisialaithe ar chosaint sonraí a fhostú agus go ndearna sé an eagraíocht inmheánach a oiriúnú chun an t-ualach oibre méadaithe maidir le cosaint sonraí a chur san áireamh;

13. á chur in iúl gur geal léi go luann an Maoirseoir ina chuid freagraí ar rún maidir le hurscaoileadh na bliana seo caite gur chinn sé rialuithe ex-ante a threisiú trí sheicliostaí iomchuí agus gur chinn sé ball foirne lánaimseartha amháin a earcú i gcomhair fheidhm an Chomhordaitheora Rialúcháin Inmheánaigh chun nósanna imeachta inmheánacha a fheabhsú agus chun go mbeadh an eagraíocht níos éifeachtúla ón gcéad ráithe de 2023;

14. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Maoirseoir i mbun freachnamh athbhreithniúcháin ar Leanúnachas Gnó agus ar Bhainistiú Géarchéime le geallsealbhóirí ábhartha inmheánacha agus seachtracha tar éis measúnú inmheánach a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 agus mar a mhol Parlaimint na hEorpa freisin sa rún um urscaoileadh, 2020; á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfuil an próiseas fós ar siúl agus go bhfuil sí ag dréim le tairbhiú de na ceachtanna a foghlaimíodh agus faoi na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh mar chuid den nós imeachta um urscaoileadh, 2022;

**Acmhainní daonna, comhionannas agus dea-bhail na foirne**

15. ag tabhairt dá haire go raibh 132 bhall foirne ag an Maoirseoir ag deireadh 2021, arb ionann é agus méadú beag ó dheireadh 2020 nuair a bhí 124 bhall foirne ann agus méadú suntasach ó dheireadh 2019, nuair a bhí 107 mball foirne ann; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur tháinig méadú ar líon na ngníomhairí ar conradh ó 37 ag deireadh 2020 go 49 ag deireadh 2021, ach gur tháinig laghdú ar líon na n-oifigeach ó 72 go 68 le linn na tréimhse céanna; ag spreagadh an Mhaoirseora chun conarthaí buana a chur ar fáil dá chuid fostaithe chun leanúnachas gnó agus cinnteacht oibre a ráthú; á chur i bhfios go láidir go gcaithfidh an Maoirseoir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le speisialtóirí a mhealladh a bhfuil an saineolas is gá acu i réimsí sonracha agus ag spreagadh an Mhaoirseora chun bealaí a fhiosrú chun infheictheacht a chuid folúntas a mhéadú;

16. ag tabhairt dá haire nach mór don Mhaoirseoir déileáil lena cheithre oiread comhairliúchán reachtach i gcomparáid le 2019, agus ag tabhairt dá haire nach bhfuil ach ball foirne nua amháin ann chun an méadú sin ar an ualach oibre a sheasamh; ag tabhairt dá haire thairis sin go bhfuil méadú ollmhór ag teacht freisin ar na tacair sonraí in institiúidí an Aontais, a bhfuil an Maoirseoir freagrach as faireachán a dhéanamh orthu;

17. ag tabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di gurb amhlaidh, ag deireadh 2021, a bhí méadú breise go 21, i gcomparáid le 20 ag deireadh 2020, tagtha ar líon na náisiúntachtaí de chuid an Aontais atá ar an bhfoireann; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur chabhraigh ionadaíocht níos mó náisiúntachtaí le cothromaíocht gheografach níos fearr a fhorbairt san institiúid; á iarraidh ar an Maoirseoir leanúint de chomhionannas deiseanna agus cothromaíocht gheografach a chur chun cinn do na poist mheánbhainistíochta agus shinsearacha;

18. ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil an dá phost ardbhainistíochta ag fir, gur mná iad 75 % (3 as 4) de phoist mheánbhainisteora; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, i measc na gcatagóirí ó GFII go GFIV, gur mná a bhí i 38 as 48 nduine, líon arb ionann é agus beagnach 80 %; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur mná iad 63 % den lucht saothair iomlán in 2021, méadú ó 58 % in 2020;

19. á chur in iúl gur geal léi go luann an Maoirseoir sna freagraí a thug sé ar rún maidir le hurscaoileadh na bliana seo caite go leanfaidh foireann AD an Mhaoirseora an oiliúint 'Laofacht Neamh-chomhfhiosach maidir le Roghnú agus Earcaíocht' go rialta chun a áirithiú go gcuirfear an Straitéis Comhdheiseanna chun feidhme go maith;

20. ag tabhairt dá haire gurb é 88 % an ráta fostaíochta a bhí ann ag deireadh 2021, ar ráta é atá íseal go leor; á thuiscint ag an am céanna go raibh roinnt nósanna imeachta roghnúcháin fós ar siúl ag deireadh 2021, cé gur coinníodh roinnt post ar oscailt in oirchill go bhfoilseofaí liosta na mbuaiteoirí cosanta sonraí ag deireadh an chéad seimeastair, 2022; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach raibh aon phost sinsearach ná meánbhainistíochta folamh le linn 2021;

21. á chur in iúl gur geal léi go raibh an Maoirseoir ag díriú ar fholláine mheabhrach an Mhaoirseora agus fhoireann an Bhoird araon a áirithiú le linn phaindéim COVID-19, lena n-áirítear, *inter alia*, trí chóitseáil aonair agus foirne araon a chur ar fáil;

22. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Maoirseoir tar éis an córas le haghaidh socruithe solúbtha oibre a fhorbairt, lena n-áirítear tríd an gcóras fleisc-ama lena gceadaítear don fhoireann cinneadh a dhéanamh ar bhonn laethúil i dtaobh cén uair idir 07:00 agus 20:30 a dhéanann siad a gcuid oibre a thosú agus a chríochnú; á chur in iúl gur geal léi freisin go bhfuil córas cruthaithe ag an Maoirseoir lena bhféadfaidh baill foirne carnadh a dhéanamh ar ragobair, ar féidir cúiteamh a dhéanamh ina leith;

23. ag tabhairt dá haire go gceadaítear leis na rialacha atá ann faoi láthair do bhaill foirne teilea-obair a dhéanamh ar feadh trí lá ar a mhéad in aghaidh na seachtaine agus, i gcomhaontú leis an mbainisteoir líne, go bhféadfaí cead a thabhairt do roinnt baill foirne níos mó ná 60 % dá gcuid oibre a dhéanamh trí theilea-obair; á chur in iúl gur geal léi go gceadaítear, leis na rialacha teilea-oibre, do bhaill foirne oibriú lasmuigh den ionad fostaíochta ar feadh 15 lá ar a mhéad in aghaidh na bliana agus go bhféadfar 15 lá eile a chur leis sin ach formheas an údaráis ceapacháin a fháil ina leith sin; ag spreagadh an Mhaoirseora chun teilea-obair a cheadú aon uair is féidir má iarrann baill foirne í;

24. ag tabhairt dá haire go bhfuil meitheal á bunú faoi láthair ag an Maoirseoir chun cur chuige straitéiseach a fhorbairt chun a áirithiú go ndéanfar an t-ualach oibre a chomhroinnt agus a dháileadh go cothrom i measc na foirne, bunaithe ar thorthaí suirbhéanna maidir le Sástacht na Foirne; á chur in iúl gur geal léi nár tuairiscíodh aon chás den tnáitheadh le linn 2021; á chur in iúl gur geal léi thairis sin gur thit líon na ndaoine ar shaoire bhreoiteachta agus líon na laethanta neamhláithreachta mar gheall ar shaoire bhreoiteachta in 2021 i gcomparáid le 2020;

25. á chur in iúl gur geal léi nár tuairiscíodh aon chás den chiapadh síceolaíoch ná den ghnéaschiapadh i leith 2021 agus go n-áirithíonn an Maoirseoir go bhfanfaidh siad ar an airdeall chun a áirithiú nach dtarlóidh aon chás den sórt sin amach anseo;

26. á chur in iúl gur geal léi go n-earcaíonn an Maoirseoir agus an Bord líon mór go leor oiliúnaithe de réir mhéid a institiúide; á chur in iúl gur geal léi freisin go bhfuair gach duine den ochtar oiliúnaithe a earcaíodh i mí an Mhárta 2021 agus den naonúr oiliúnaithe a earcaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021 luach saothair;

**Creat eitice agus trédhearcacht**

27. ag tabhairt dá haire go n-áirítear i gCreat Eitice an Mhaoirseora, a tugadh cothrom le dáta in 2019, i measc nithe eile, oiliúint éigeantach a thabhairt isteach do dhaoine nua maidir le ciapadh, coinbhleachtaí leasa a chosc agus réimsí eile eitice; ag tabhairt dá haire gur cuireadh oiliúint ar 25 dhuine sna réimsí sin le linn 2021 agus go gcaithfidh gach ball foirne a thagann isteach san institiúid Dearbhú rúndachta a shíniú agus nach mór dóibh a dhearbhú nach bhfuil coinbhleachtaí leasa ann; á chur in iúl gur geal léi freisin go dtabharfar seisiún maidir le sceithireacht isteach le linn 2022;

28. á iarraidh ar an Maoirseoir faisnéis a chur ar fáil maidir leis an gcód iompair do phoist ardbhainistíochta ar chinn sé tús a chur lena ndréachtú

29. á chur in iúl gur geal léi nach raibh aon imscrúdú de chuid OLAF ann a bhain le baill foirne ón Maoirseoir nó ón mBord le linn 2021; ag tabhairt dá haire go raibh cás amháin de chuid an Ombudsman Eorpaigh ann a bhain leis an Maoirseoir in 2021, a dúnadh leis an gconclúid gur réitíodh é agus, dá bhrí sin, nár cuireadh aon mholtaí faoi bhráid an Mhaoirseora; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, nach raibh aon chásanna de choinbhleachtaí leasa ná de sceithireacht ann in 2021;

30. ag tabhairt dá haire nach n-úsáideann an Maoirseoir an Clár Trédhearcachta Idirinstitiúideach faoi láthair ach go bhfoilsítear an Clár Oibre, cruinnithe taifeadta agus idirghabhálacha an Mhaoirseora, lena n-áirítear cruinnithe le hionadaithe leasmhara, ar shuíomh gréasáin an Mhaoirseora; ag iarraidh ar an gCoiste bailchríoch a chur ar a anailís inmheánach ar na roghanna atá ar fáil agus páirt a ghlacadh sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach;

31. á chur in iúl gur geal léi an obair leantach a rinne an Maoirseoir ar iarraidh rochtana sonraí ó shaoránach; á thabhairt chun suntais, áfach, gur eisigh an Maoirseoir cinneadh sa chás sular seiceáladh agus sular suíodh na fíorais uile, cé go raibh an nós imeachta gearáin ar siúl le breis agus dhá bhliain agus go raibh sé fós ar siúl ag deireadh 2022; á iarraidh ar an Maoirseoir athbhreithniú a dhéanamh ar a rialacha nós imeachta chun a áirithiú go ndéanfaidh saoránaigh athbhreithniú éifeachtúil agus tráthúil ar ghearáin, agus an fhaisnéis ábhartha uile á cur san áireamh; ([3])

([3]) Baineann sé sin le cás an Uasail van der Linde, saoránach Ollannach, a tuairiscíodh sna meáin. Dá bhféadfaí an nós imeachta ar fad a láimhseáil ar bhealach níos tapa, d'fhéadfadh sé go mbeadh an saoránach sásta le toradh an ghearáin a comhdaíodh le MECS (cuireadh an gearán chuig MECS sa dara leath de 2020).

32. ag tabhairt dá haire nach raibh aon chás ann inar fhág ball foirne an institiúid chun dul isteach san earnáil phríobháideach in 2021 agus nach raibh aon chás a bhain le tréimhsí marana ann; á chur in iúl gur geal léi nach raibh aon chás ann ina bhfuair iarFheisirí, iarChoimisinéirí nó iaroifigigh ardleibhéil (ó AD14 aníos) airgead ón mbuiséad mar chomhairleoirí ná eile;

33. á iarraidh go gcuirfí deireadh le húsáid cuideachtaí seachtracha a leanann, de réir rangú Ollscoil Yale ([4]), de bheith ag feidhmiú sa Rúis;

**Digitiú, cibearshlándáil agus cosaint sonraí**

34. ag tabhairt dá haire go raibh na gealltanais bhuiséadacha don bhliain 2021 20 % níos airde ná mar a bhí in 2020 maidir le tionscadail agus trealamh TF, lena n-áirítear trealamh físchomhdhála, lenar féidir cruinnithe hibrideacha a reáchtáil san eagraíocht;

35. ag admháil sí go gcuireann Parlaimint na hEorpa a lán feidhmeanna lárnacha TF ar fáil, lena n-áirítear i réimse na cibearshlándála, mar Sholáthraí Seirbhísí Corparáideacha, faoi mar a dhéanann CERT-EU (an Fhoireann Práinnfhreagartha Ríomhaire); á iarraidh ar an Maoirseoir forléargas a choimeád ar na sonraí pearsanta a mhalartaítear i measc institiúidí an Aontais chun an chibearshlándáil a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil bearta á ndéanamh ag an Maoirseoir, mar sin féin, chun a éifeachtacht dhigiteach agus a shlándáil dhigiteach a fheabhsú, lena n-áirítear trí oiliúint rialta um ardú feasachta ar an gcibearshlándáil a sholáthar don fhoireann go léir, lena n-áirítear trí oiliúint a thabhairt isteach do dhaoine nua;

36. á chur in iúl gur mór aici go leanann an Maoirseoir d'úsáid uirlisí foinse oscailte a phíolótú agus a chur ar taispeáint chun cosc a chur ar ghaibhniú díoltóirí, chun smacht a choinneáil ar chórais theicniúla, chun coimircí níos láidre a chur ar fáil do phríobháideachas agus cosaint sonraí an úsáideora, agus chun slándáil agus trédhearcacht a mhéadú don phobal, mar mhalairt ar uirlisí dílsithe; ag spreagadh an Mhaoirseora chun tosca den sórt sin a chur in iúl d'institiúidí eile de chuid an Aontais;

37. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh nua TechSonar arb é is aidhm dó faireachán a dhéanamh ar threochtaí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn chun tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar dhaoine aonair agus chun todhchaí dhigiteach inbhuanaithe a áirithiú ina ráthaítear cosaint sonraí pearsanta;

38. á mheabhrú gur dócha go dtiocfaidh méadú breise ar ualach oibre an Mhaoirseora mar gheall ar an treocht digiteála atá ag dul i méid san Aontas, mar gheall ar an athbhreithniú ar shainorduithe na ngníomhaireachtaí agus ar na tionscnaimh arna dtíolacadh ag an gCoimisiún go háirithe i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile, eadhon, na tuairimí maidir le sainordú Europol, DSA/DMA, Treoir NIS 2.0 agus na tuairimí comhpháirteacha maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus Deimhniú Digiteach COVID AE, is mór aici rannchuidiú an Mhaoirseora leis an obair reachtach i gcomhar leis an mBord; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé acmhainní daonna agus airgeadais a chur in oiriúint don ualach oibre atá ag dul i méid agus chun buiséad an Mhaoirseora a mhéadú dá réir;

**Foirgnimh**

39. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, tar éis imeacht an Ombudsman Eorpaigh ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021, nach raibh aon tionónta ar Rue Montoyer 30 sa Bhruiséil, atá ligthe ar cíos chucu ag Parlaimint na hEorpa, ach an Maoirseoir agus an Bord; ag tabhairt dá haire gur athchóiríodh trí urlár san fhoirgneamh ina dhiaidh sin agus gur bhog breis agus 100 ball foirne de chuid an Mhaoirseora agus an Bhoird óna n-oifigí go hoifigí eile; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur bhain an t-athchóiriú le nuachóiriú agus oiriúnú an fhoirgnimh do dhálaí nua oibre tar éis phaindéim COVID-19, lena n-áirítear le córais iniompartha teileachomhdhála a chur leis;

40. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, i dtuarascáil 2020 maidir le hurscaoileadh, a mhol Parlaimint na hEorpa don Mhaoirseoir riachtanais daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nó daoine eile faoi mhíchumas a chur san áireamh ina straitéis foirgneamh; ag tabhairt dá haire go dtagraíonn an Maoirseoir sna freagraí don Chomhaontú Riaracháin atá aige le Parlaimint na hEorpa; ag spreagadh an Mhaoirseora, mar sin féin, chun aird ar leith a thabhairt ar an réimse sin ina straitéis foirgneamh;

([4]) https://som.yale.edu/story/2022/over-1000-companies-have-curtailed-operations-russia-some-remain

**Comhshaol agus inbhuanaitheacht**

41. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Maoirseoir tar éis leanúint dá chuid oibre i dtreo a bheith ina institiúid gan pháipéar, lena n-áirítear trína áirithiú go mbainistítear go leictreonach an timthriall íocaíochta le haghaidh sonrasc, agus go ndéantar próisis roghnúcháin agus bhreithmheasa laistigh de AD a bhainistiú ar mhodh gan pháipéar;

42. á chur in iúl gur geal léi go leanann an Maoirseoir de bheith ag spreagadh úsáid córas iompair phoiblí trí 50 % de na táillí míosúla/bliantúla ar chórais iompair phoiblí a aisíoc agus go leanann sé de dhóthain spáis a leithdháileadh ina shaoráidí garáiste don fhoireann chun a rothair a pháirceáil;

43. ag tabhairt dá haire gur luaigh an Maoirseoir go gcuirfeadh sé tuairisc na bpleananna chun grianphainéil a shuiteáil ar an bhfoirgneamh atá ar cíos ag Parlaimint na hEorpa agus ag spreagadh an Mhaoirseora chun cás a dhéanamh ar son painéil den sórt sin a shuiteáil;

**Comhar idirinstitiúideach**

44. á chur in iúl gur geal léi an comhar idir an Maoirseoir ina ról maoirseachta agus institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais agus go háirithe OIPE mar chomhlacht nuabhunaithe;

45. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an Maoirseoir ar an meastóireacht atá á déanamh ag an mBanc Ceannais Eorpach ar thionscadal an euro digiteach maidir le saincheisteanna amhail an ceart chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint; ag aithint an ghá atá ag an Maoirseoir le hacmhainní breise chun maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal sin;

46. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh a mhol an Maoirseoir chun díorma tacaíochta saineolaithe a bhunú ina mbeidh an Bord agus saineolaithe seachtracha araon agus a bheidh in éineacht leis na hÚdaráis náisiúnta um Chosaint Sonraí ina gcuid oibre ar imscrúduithe agus ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin lena mbaineann leas coiteann suntasach;

47. ag tabhairt dá haire go raibh idirphlé ag an Maoirseoir le Europol maidir leis an bpróiseáil a dhéanann sé ar thacair sonraí ar mórscála chun a áirithiú go bpróiseáiltear sonraí ar bhealach comhlíontach; ag tabhairt dá haire gur leag an Maoirseoir béim roinnt uaireanta ó mhí Mheán Fómhair 2020 i leith ar an imní mhór atá air maidir le híoslaghdú sonraí agus coinneáil tacar sonraí nach bhfuil aicmiú ábhair sonraí ag gabháil leo; ag spreagadh an Mhaoirseora chun leanúint den idirphlé chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin;

48. ag tabhairt dá haire nár thug an Maoirseoir aon chomhaontú idirinstitiúideach nua i gcrích le linn 2021 ach go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar Chomhaontú Riaracháin le Parlaimint na hEorpa d'fhonn buanoifig Maoirseora a chruthú in áitreabh na Parlaiminte in Strasbourg, rud a fhágfaidh go bhféadfaidh nasc níos dlúithe a bheith ann freisin le Comhairle na hEorpa agus go n-éascófar cigireachtaí rialta ar bhunachair sonraí eu-LISA, a dhéanann sonraí pearsanta ar scála mór a phróiseáil;

49. ag aithint an dá imscrúdú a bhaineann le haistrithe sonraí pearsanta chuig tíortha neamh-AE/LEE a seoladh faoi chuimsiú Straitéis Schrems II an Mhaoirseora;

**Cumarsáid**

50. ag tabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di gur eagraigh an Maoirseoir roinnt ócáidí in 2021, lenar cuireadh freisin lena ról agus leis an tuiscint ar a mhisean i measc an phobail i gcoitinne, lena n-áirítear an Lá Cosanta Sonraí, Lá na hEorpa, comhdháil agus podchraoltaí an Mhaoirseora, Cruinniú Mullaigh Maoirseoirí na Sochaí Sibhialta, na Ríomhairí bliantúla, an Chomhdháil maidir le Príobháideachas agus Cosaint Sonraí, an Tionól Príobháideachais Domhanda agus an chomhdháil maidir le Todhchaí na Cosanta Sonraí;

51. á chur in iúl gur mór aici gur ullmhaigh an Maoirseoir céim phíolótach phoiblí ina bhfuil dhá ardán meán sóisialta, EU Voice agus EU Video, a seoladh in 2022 chun úsáid teicneolaíochtaí atá dílárithe, saor in aisce agus bunaithe ar fhoinse oscailte a chur chun cinn mar mhalairt ar líonraí sóisialta; á chur in iúl go dtuigeann sí go gcuireann na tionscnaimh phíolótacha sin le straitéis an Aontais maidir le sonraí agus ceannasacht dhigiteach a bhfuil sé mar aidhm léi neamhspleáchas an Aontais a chothú sa saol digiteach;

52. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Mhaoirseora faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn sa teicneolaíocht agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar chosaint sonraí agus ar phríobháideachas, agus na forbairtí sin a mhíniú don phobal i gcoitinne, trí thuarascálacha TechDispatch agus TechSonar; ag aithint go bhfuil gá le fostaithe cáilithe teicniúla breise chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach chuí ar na cúraimí sin; ag tabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh aici go bhfuair tionscnamh TechDispatch Gradam 2021 maidir le Príobháideachas Domhanda agus Cosaint Sonraí sa chatagóir 'Oideachas agus Feasacht an Phobail', tráth an 43ú Comhthionól Domhanda Príobháideachais, 2021; ag spreagadh an Mhaoirseora chun a acmhainneachtaí a mhéadú i réimse an fhaireacháin teicneolaíochta agus feachtais faisnéise a sheoladh maidir lena fhionnachtana agus lena mholtaí.